# **Ordú** Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais i gCás C-460/26 R | an Pholainn v an Chomhairle

Preaseisiúint Uimh. 135/26

Lucsamburg, 29 Meán Fómhair 2026

## Diúltaíonn Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais d’iarratas na Polainne maidir le hoibriú an chinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála Shealadaigh idir an tAontas Eorpach agus Mercosur a chur ar fionraí

*Níor léirigh an Pholainn go leordhóthanach gur dócha go ndéanfaí díobháil thromchúiseach agus dholeasaithe mar thoradh ar oibriú chinneadh na Comhairle, lena n-údaraítear cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe sin*

An 9 Eanáir 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh [1] maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus tíortha Mercosur, den pháirt eile (‘An Comhaontú Eatramhach’) [2].

D’eascair dhá ionstraim dhlíthiúla chomhthreomhara as an gcaibidlíocht leis an gCoimisiún. Is comhaontú trádála eatramhach é an Comhaontú Eatramhach, atá á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Bealtaine 2026, idir an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus tíortha Mercosur, ar an taobh eile. Leis an gComhaontú sin, dírítear, go príomha, léirscaoileadh na trádála agus na n-infheistíochtaí. Go bunúsach, tá na hoibleagáidí céanna sa Chomhaontú sin, go bunúsach, agus atá leagtha amach sa chuid trádála den Chomhaontú Compháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus tíortha Mercosur, den pháirt eile (‘an Comhaontú Comhpháirtíochta’). Scoirfidh an Comhaontú Eatramhach d’éifeacht a bheith aige agus cuirfear an Comhaontú Comhpháirtíochta ina ionad ar a theacht i bhfeidhm dó.

An 10 Bealtaine 2026, chuir an Pholainn tús le caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de bhun Airteagal 263 CFAE, lena n-iarrtar neamhniú an chinnidh ón gComhairle [3] dá dtagraítear thuas. Ag an am céanna, rinne sí iarratas ar bhearta eatramhacha lena n-iarrtar oibriú an chinnidh sin a chur ar fionraí [4].

Maíonn an Pholainn, ar dtús, go dtugann na himthosca inar glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid údar lena oibriú a chur ar fionraí go dtí go mbeidh cinneadh tugtha lena gcuirtear deireadh leis na príomhimeachtaí. Braitheann sí, *inter alia*, ar shárú ar na Conarthaí, ar mhí-úsáid cumhachtaí agus ar shárú ar phrionsabal an chomhair dhílis chun a mhaíomh go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag neamhdhleathacht agus go bhféadfadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh, fiú ar bhonn sealadach, institiúidí an Aontais a spreagadh chun dul i mbun ‘gníomhaíochtaí comhchosúla eile’ amach anseo. De réir an Bhallstáit, agus institiúidí an Aontais ag iarraidh an Comhaontú Eatramhach a chur i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir, thug siad tús áite do leasanna eacnamaíocha roghnaitheacha ar chostas chun aimhleasa do chomhlíonadh na gConarthaí agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais.

Ina dhiaidh sin, maíonn an Pholainn go mbeadh fíor-riosca díobhála do shláinte an duine agus na n-ainmhithe agus don chomhshaol laistigh den Aontas ag baint le léirscaoileadh na trádála i dtáirgí talmhaíochta dá bhforáiltear leis an gComhaontú Eatramhach i bhfad is nach mbeadh ‘clásail chomhuaineacha’ mar a thugtar orthu ann lena ngearrtar oibleagáid cloí le caighdeáin táirgthe choibhéiseacha is infheidhme laistigh den Aontas agus i dtíortha Mercosur araon.

Ar deireadh, maíonn an Ballstát sin go mbeadh laghdú ar ioncam fheirmeoirí an Aontais, cur isteach ar fheidhmiú na margaí do na táirgí talmhaíochta éagsúla mar thoradh ar chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh, trí údarú a thabhairt táirgí talmhaíochta níos saoire a bheith ar an margadh Eorpach, ar táirgí iad a fhástar nó a mhonaraítear

le ceimiceáin a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas Eorpach, agus, dá bhrí sin, go mbeadh iomaíocht éagórach ann a dhéanfadh dochar do staid eacnamaíoch agus shóisialta feirmeoirí san Aontas.

Le hordú an lae inniu, **diúltaíonn Leas-Uachtarán na Cúirte d'iarratas na Polainne ar bhearta eatramhacha.**

Tugann an Leas-Uachtarán le fios go bhféadfaidh an chúirt a éisteann iarratas ar bhearta eatramhacha ordú a thabhairt go ndéanfaí oibriú cinneadh a chur ar fionraí, ach amháin má shuítear go bhfuil a leithéid de fionraí práinneach, sa chiall go bhfuil sé riachtanach chun díobháil thromchúiseach dholeasaithe a chosc ó tharlú sula dtugann an Chúirt a breithiúnas ar an substaint. **Níor léirigh an Pholainn go leordhóthanach gur dócha go ndéanfaí díobháil den chineál sin mar thoradh ar oibriú an chinnidh atá faoi chonspóid, lena n-údaraítear cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh.** Tugann an Leas-Uachtarán faoi deara freisin, nach gá rialú a dhéanamh ar na coinníollacha eile is gá chun bearta eatramhacha a dheonú a bhaineann le *fumus boni juris* agus le cothromú leasanna, i bhfianaise a gcineáil charnaigh.

Ar an gcéad dul síos, leagann an Leas-Uachtarán béim air nach leor neamhdhleathacht fhéideartha an chinn chonspóidigh, ann féin, chun tromchúis agus cineál doleasaithe aon díobhála féideartha a bhunú. Thairis sin, níor chuir an Pholainn aon fhaisnéis shonrach ar fáil chun a shuí gur dócha go ndéanfar díobháil thromchúiseach agus dholeasaithe.

Ar an dara dul síos, maidir le líomhaintí na Polainne i leith na rioscaí féideartha do shláinte an duine agus na sláinte ainmhithe agus don chomhshaol laistigh den Aontas a eascraíonn as allmhairiú táirgí talmhaíochta ó thíortha Mercosur, tugann an Leas-Uachtarán faoi deara go bhfuil na táirgí sin – a d'fhéadfaí a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach cheana féin sular glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid – faoi réir rialacha [5] sábháilteachta bia agus sláinte atá cosúil leis na rialacha is infheidhme maidir le táirgí a mhonaraítear laistigh den Aontas. Ina theannta sin, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Eatramhaigh, féadfaidh an tAontas bearta a fhorchur lena gcuirfí cosc ar iontráil táirgí talmhaíochta a sháraíonn na caighdeáin shláintíochta, fíteashláintíochta agus chomhshaoil atá i bhfeidhm ina chríoch, agus féadfaidh sé bearta éigeandála a ghlacadh i gcás rioscaí tromchúiseacha do bheatha nó do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí.

Sa tríú háit, tugann an Leas-Uachtarán faoi deara nár chuir an Pholainn aon fhaisnéis shonrach ar fáil maidir le staid airgeadais fheirmeoirí an Aontais lena léireofaí nach bhféadfaidís aghaidh a thabhairt ar an iomaíocht ó tháirgí a allmhairítear ó thíortha Mercosur agus go gcuirfí iallach orthu deireadh a chur lena ngníomhaíocht, dá bhrí sin. **Níor chuir an Pholainn aon fhaisnéis ar fáil ach an oiread lena bhfeadfaí a chruthú, ar leibhéal leordhóthanach dóchúlachta, go gcuirfear isteach ar mhargadh talmhaíochta an Aontais mar thoradh ar oibriú an chinnidh atá faoi chonspóid lena n-údaraítear cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh.** Lena dhearbhuithe ginearálta agus teibí, ní thugtar neamhaird ar chumhachtaí [6] an Choimisiúin staid eacnamaíoch agus shóisialta fheirmeoirí an Aontais agus slándáil bia a chosaint, ná ar an bhfíoras go mbraitheann an staid ar an margadh talmhaíochta ar go leor tosca eile, amhail forbairt praghsanna fuinnimh, costais arda leasacháin nó iomaíocht ó thríú tíortha seachas tíortha Mercosur.

**NÓTA:** Tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a breithiúnas críochnaitheach ar shubstaint an cháis seo ar dháta níos déanaí. Ní dhéanfar dochar do thoradh na bpríomhimeachtaí le hordú maidir le bearta idirlinne.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt , de réir mar is cuí, os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Le cur i láthair na bhfíricí agus an chreata dhlíthiúil, tagraítear don tréimhse ábhartha agus tá sé bunaithe ar chomhad an cháis.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an Ordú ar shuíomh gréasáin CURIA.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Anuas air sin, tá físeán d'fhógairt an ordaithe ar fáil freisin ar ' Curia Web TV '.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cinneadh (AE) 2026/183 ón gComhairle an 9 Eanáir 2026 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile (féach, freisin, preaseisiúint Uimh° 17/26 ón gComhairle)

[2] Is bloc trádála de chuid Mheiriceá Theas é Mercosur (an Cómhargadh Theas). Is iad an Airgintín, an Bhrasaíl, Paraguaí agus Uragua na stáit is páirtithe in Mercosur atá ina bpáirtithe sna comhaontuithe a cuireadh i gcrích leis an Aontas Eorpach.

[3] *an Pholainn* v *an Chomhairle*, C-460/26. Ag an am céanna, d'iarr Parlaimint na hEorpa tuairim ón gCúirt maidir le comhoiriúnacht an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus an Chomhaontaithe Chomhpháirtíochta leis na Conarthaí, agus le cinntí na Comhairle i ndail le síneadh agus tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin (Tuairim 1/26).

[4] Iarradh go gcuirfí oibriú an chinnidh ón g Comhairle ar fionraí go dtí go dtabharfar an breithiúnas lena gcuirfear deireadh leis na himeachtaí gCás C-460/26.

[5] Go háirithe, ní chiallaíonn easpa 'na gclásal comhuaineach' mar a thugtar orthu, sa Chomhaontú Eatramhach, go bhfuil táirgí a allmhairítear ó thíortha Mercosur díolmhaithe ó rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht bia, sláinte, cosaint plandaí agus an comhshaol.

[6] Arna ndeonú leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.